Comhairle don Phobal

Úsáid Brathadóirí Miotail agus a dTionchar ar an Oidhreacht Seandálaíochta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHPHOINTÍ

- Déanann úsáid neamhrialaithe agus mhíchuí brathadóirí miotail damáiste tromchúiseach d'oidhreacht seandálaíochta na hÉireann agus gearrfar pionóis ghéara dá bharr faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004

- Tá sé mídhleathach
  - brathadóir miotail a bheith agat ag séadchomharthaí agus suíomhanna atá faoi chosaint Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta;
  - brathadóir miotail a úsáid chun rudaí ársa a lorg sa Stát nó ina fharraigí críche

  gan cead a fháil i scríbhinn roimh ré ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

- Sainmhínítear rudaí ársa go leathan in Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus d'fhéadfadh míreanna teacht laistigh de théarmaí an tsainmhínithe in ainneoin a n-aois nó méid a n-ársaíocht, e.g. ábhar ón 20ú haois

- Tá sé in aghaidh an dlí díolachán ná úsáid brathadóirí miotail chun críocha rudaí ársa a chuardach a chur chun cinn.

- Tá sé in aghaidh an dlí tochailt do rudaí ársa, nó tumadh chuig bád báite cosanta, in aon áit sa Stát nó ina fharraigí críche, gan cead a fháil roimh ré ón Aire

- Caithfidh duine ar bith a aimsíonn rud ársa é a thuairisciú d'Ard-Mhúsaem na hÉireann nó do mhúsaem áitiúil sainithe taobh istigh de 96 uair

- Ní féidir ach leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta cead a dheonú chun brathadóir a úsáid chun críocha seandálaíochta – ní ionann ballraíocht in eagraíocht nó comhlacht ná trealamh a fháil ó sholáthróir ar leith agus comhlíonadh an dlí

RÉAMHRÁ

Uirlisí iarainn luath-mheánaoiseacha agus bróiste neasfháinneach cóimhiotal copair. D'fhéadfadh uirlisí ársa bheith an-chosúil le samplaí nua-aimseartha agus seans nach dtuigfí chomh tábhachtach is atá nithe a aimsítear gan saineolas gairmiúil.

Sáraíonn úsáid brathadóirí gan chead chun rudaí ársa a aimsiú an dlí in Éirinn, arna leagan amach in *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004*.

Tá úsáid den chineál seo faoi réir pionós géar, lena n-áirítear téarma príosún agus/nó fíneálacha.

Sásaíonn na catagóirí is coitianta a aimsítear le brathadóirí miotail in Éirinn, cosúil le boinn, comharthaí, cnaipí, fáiscíní éadaigh, méaracáin, eochracha, séalaí, meáchain, deirí strapa agus feistí creasa, sainmhíniú 'rudaí ársa' nach féidir a chuardach gan ceadúnas ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Dá bhrí sin, moltar gan dul i mbun cuardaigh ghinearálta do rudaí caillte ná adhlactha mar dá ndéanfaí é sin, bheifeá i mbaol ciontaithe agus i mbaol damáiste a dhéanamh d'oidhreacht seandálaíochta chomh maith.

1. Cén chaoi ar féidir le Brathadóirí Miotail Damáiste a Dhéanamh le Suíomhanna agus Rudaí Ársa?

Déanann úsáid mhírialaithe agus mhíchuí brathadóirí miotail damáiste tromchúiseach d'oidhreacht seandálaíochta na hÉireann. Is féidir aon eolas ar rudaí ársa nó luach taighde a bheadh acu a laghdú go mór nó a mhilleadh ar fad de bharr brathadóirí miotail neamhoilte agus gan cheadúnas a úsáid chun iad a fháil.

Caithfear rudaí ársa a thochailt ar bhealach struchtúrtha, eolaíoch, agus taifeadadh cúramach a dhéanamh ar an mbaint atá acu le rudaí, struchtúir, gnéithe agus sraitheanna ithreacha eile. Mura dtaifeadtar an comhthéacs as ar tháinig an rud i gceart, caillfear eolas ar an stair nach féidir a fháil ar ais.

Ní féidir le cuardaigh randamacha le brathadóirí miotail a dhéanamh amach an bhfuil tábhacht seandálaíochta leis an rud a aimsíodh nó an rud é a caitheadh amach le déanaí. Is é an toradh a bhíonn air i gcás ar bith go suaitear an ithir nó an áit timpeall ar an mír a aimsíodh agus scriostar aon fhianaise nó mír neamh-mhiotalacha.

Feistí úma, búclaí agus pionna cláirsí ón meánaois. Seo na cineálacha rudaí ársa a aimsítear le brathadóirí miotail.

2. Céard é an Dlí maidir le Brathadóireacht Miotail?

Chun damáiste lenár n-oidhreacht seandálaíochta trí úsáid neamhúdaraithe brathadóirí miotail a chosc, rialaíonn *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004* úsáid brathadóirí miotail chun críocha seandálaíochta ar fud Stát na hÉireann agus a fharraigí críche.

Mura ndearna tú iarratas foirmiúil ar chead ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus an cead sin faighte agat i scríbhinn, tá sé in aghaidh an dlí.

- brathadóir miotail a bheith agat ag, nó i suíomh atá faoi chosaint Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Áirítear anseo:-
  - séadchomhartha faoi réir Ordaithe Caomhnaithe
  - séadchomhartha faoi úinéireacht nó caomhnóireacht an Aire nó údaráis áitiúil
  - séadchomhartha atá ar Chlár na Séadchomharthaí Stairiúla
  - séadchomhartha atá ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna
  - limistéar timpeall ar bhád báite faoi réir ordaithe oidhreachta faoi uisce;
- brathadóir miotail a úsáid chun críocha rudaí ársa a lorg aon áit sa Stát nó ina fharraigí críche.

Is é an pionós ar chion i ndáil leis an méid thuas fíneáil suas le €63,486 agus/nó suas le 3 mhí sa phríosún.

Féadfaidh aon duine a úsáideann brathadóir miotail chun na srianta thuas a shárú agus, tar éis rud ársa a aimsiú, a thochlaíonn chun an mhír a fháil gan ceadúnas tochailte, a bheith ciontach i gcion faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Feiste creasa meánaoiseach le maisiú muirín, cuid de shoitheach agus seam báid níos nuaí.

Fianaise de shuaitheadh talún mar thoradh ar bhrathadóireacht miotail neamhúdaraithe in aice le Caisleán Rinn Dúin, Contae Ros Comáin.

3. An Féidir Liom Rudaí Ársa a Chuardach gan Brathadóir Miotail?

Mura bhfuil ceadúnas agat ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, is cion atá ann chomh maith tochailt a dhéanamh chun críocha rudaí ársa, nó aon rud a mbeadh suim seandálaíochta ann a lorg, fiú mura mbeadh brathadóir miotail á úsáid agat. Is cion atá ann chomh maith tumadh chuig bád báite atá os cionn 100 bliain d'aois, nó atá faoi réir ordaithe oidhreachta faoi uisce, nó chun rudaí ársa faoi uisce a chuardach, gan cead foirmiúil a fháil ón Aire.

Is é an pionós ar an gcion seo fíneáil suas le €126,972 agus/nó suas le 12 mhí sa phríosún.

4. Céard é an Dlí i nDáil le cur chun cinn Díolachán nó Úsáid Brathadóirí Miotail chun Rudaí Ársa a Lorg?

Faoi théarmaí *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004* tá sé in aghaidh an dlí díolachán nó úsáid brathadóirí chun críocha rudaí ársa a chuardach a chur chun cinn, trí fhógraíocht nó eile. Is é an pionós dóibh siúd atá ciontach as an gcion seo, fíneáil suas le €2,500.

Tua iarainn meánaoiseach.

5. Céard is "Rud Ársa" ann?

Sainmhínítear an téarma 'rud ársa' in Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004 agus tá sainmhíniú leathan aige i dtéarmaí cineál agus aois na rudaí. Tig le rudaí coitianta atá réasúnta ársa cosúil le boinn agus giuirléidí míleata, lena n-áirítear ábhar ón 20ú haois, a áireamh le sainmhíniú an 'rud ársa'. D'fhéadfadh rudaí mar sin titim laistigh de théarmaí an tsainmhínithe in ainneoin a ndáta agus méid a n-ársaíocht. Seans nach mbeadh sé soiléir go dtí go dtochlaítear an rud gur rud ársa atá i gceist. Sa chás sin, bheadh an damáiste déanta cheana féin agus tá sé dóchúil go mbeadh cion déanta.

6. Cén Áit is Ceart dom a Thuairisciú gur Aimsigh mé Rud Ársa?

Faoi théarmaí *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004*, is leis an Stát aon rud ársa a aimsítear agus nach fios cé leis é. Caithfidh aon duine a aimsíonn rud ársa é a thuairisciú le hArd-Mhúsaem na hÉireann nó le Músaem Contae nó Cathrach Sainithe taobh istigh de 96 uair. Beidh aon duine atá ciontach i gcion faoi na forálacha seo faoi réir fíneáil suas le €111,100 agus/nó 5 bliana sa phríosún.

Éilítear sna hAchtanna chomh maith go gcaithfidh aon duine a aimsíonn bád báite atá os cionn 100 bliain d'aois atá ar nó faoi ghrinneall na farraige, nó ar thalamh atá faoi uisce, é a chur in iúl don Gharda Síochána nó don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta taobh istigh de 96 uair.

Piostal oifigigh 1700-1750. Seans gur ar láthair troda a aimseofaí rud mar seo.

7. Céard é an Chomhairle Ghinearálta don Phobal maidir le hÚsáid Brathadóirí Miotail?

Tá sé in aghaidh an dlí a bheith páirteach i gcuardaigh ghinearálta do rudaí ársa in Éirinn le brathadóirí miotail mura bhfuil cead i scríbhinn faighte agat ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. *Má dhéantar sin gan chead, d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh.* Tá an dualgas ar an oibreoir a chinntiú go bhfuil an brathadóir miotail á úsáid de réir an dlí.

Cé go bhfuil sé in aghaidh an dlí brathadóir miotail a *úsáid* in aon áit chun rudaí ársa a chuardach gan cead foirmiúil ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, is cion atá ann brathadóir miotail a bheith *i do sheilbh* fiú gan cead an Aire ar shuíomh aon séadchomhartha nó limistéar seandálaíochta faoi chosaint Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Baineann sé seo chomh maith le limistéir atá faoi réir orduithe oidhreachta faoi uisce a rinneadh faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta.



Aonad Seandálaíochta faoi Uisce na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta i mbun suirbhé tumadóireachta údaraithe.

Tá timpeall 130,000 séadchomhartha seandálaíochta suite ar fud an Stáit atá faoi chosaint faoi théarmaí Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004. I roinnt mhaith cásanna, seans nach mbeidh aon fhothracha fágtha os cionn talún agus seans nach mbeidh sé soiléir láithreach go bhfuil suíomh séadchomhartha faoi chosaint ag an láthair sin.

Sainaithnítear suíomhanna na séadchomharthaí taifeadta ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta www.archaeology.ie.

Liathróidí muscaeid agus cuid de bhuama moirtéir ó láthair chatha ón 17ú haois.

8. Cé atá Freagrach as Cead agus Ceadúnais a Dheonú faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta?

Ní féidir le duine ar bith seachas an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta cead a dheonú le brathadóir miotail a úsáid chun críocha seandálaíochta taobh istigh den Stát agus ceadúnais a bhronnadh do thochailtí seandálaíochta. Níl aon údarú nó aontú dlíthiúil eile chun rudaí ársa a lorg. Ní thugtar cead brathadóireachta agus ceadúnais ach do dhaoine ainmnithe ar shuíomhanna ar leith. Ní eisítear ceadúnais chomhchoiteanna ná trí idirghabhálaithe riamh.

Níl cead ón Aire ná aon údarú eile agat chun brathadóir miotail a úsáid chun críocha seandálaíochta mar thoradh ar na cúinsí anseo thíos:

- *do bhallraíocht in aon eagraíocht nó comhlacht;*
- *do leibhéal oiliúna in úsáid brathadóirí miotail;*
- *an úsáid a bhaineann tú as cineál/branda brathadóra miotail ar leith;*
- *do bhrathadóir miotail a fháil ó sholáthróir nó foinse áirithe.*

9. Céard é Beartas an Aire i nDáil le Ceada d'Úsáid Brathadóirí Miotail?

Mar riail ghinearálta, ní dheonóidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta cead d'úsáid agus/nó seilbh brathadóirí miotail seachas do sheandálaithe nó daoine a bheidh ag obair faoi mhaoirseacht seandálaíochta duine gairmiúil ar an suíomh atá oilte i gceart.

Sula n-eisítear cead do dhuine chun brathadóir miotail a úsáid, beidh ar an t-iarrthóir a shoiléiriú go bhfuil úsáid an ghairis de réir an dea-chleachtais seandálaíochta. Baintear amach é seo trí ráiteas modha mionsonraithe a chur isteach ina leagtar amach an clár oibre beartaithe chun measúnú a dhéanamh ar shuíomh agus chun an leibhéal eolais seandálaíochta is mó agus is féidir a bhaint ón obair a dhéanfar.

Fáinne méire inscríofa meánaoiseach.

10. Céard a Tharlaíonn má Thagaim ar Rud Ársa trí Thimpiste?

Níl tionchar ar bith ag an eolas ná na forálacha reachtúla a leagtar amach anseo orthu siúd a thagann ar rudaí ársa trí thimpiste – mar shampla agus iad i mbun feirmeoireachta – chomh fada is go dtuairiscítear an rud de réir na comhairle in Alt 6 thuas. Is é an dea-chleachtas luaíocht a íoc le daoine a aimsíonn rudaí ársa i gcúinsí dlisteanacha agus a chuireann sin i iúl d'Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Cnaipí ón 19ú haois le siombailí orthu. Bítear in ann na teaghlaigh a d'fhostaigh na freastalaithe a aithint go minic ó na siombailí a bhíonn ar na cnaipí seo. Is féidir reisimint ar leith a aithint ó chnaipí míleata den chineál céanna agus seans gurb iad sin an t-aon fhianaise ar láithreacht saighdiúra ón reisimint i láthair ar leith. Bíonn sonraí an déantúsóra ar chúl go leor cnaipí chomh maith, a thugann eolas úsáideach ar thrádáil agus ar thráchtáil.

11. Cén Áit is Féidir liom Eolas Breise a Fháil?

Tá an reachtaíocht a rialaíonn úsáid brathadóirí agus na forálacha a bhaineann le fionnachtain agus tuairisciú rudaí ársa le fáil ar líne ag: *www.irishstatutebook.ie*

Chun tuilleadh eolais a fháil, tig leat teagmháil a dhéanamh leis:

- An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1; Ríomhphost – *nationalmonuments@ahg.gov.ie*; Teil.: 01-8882169.
- An tOifigeach Dualgais, Rannóg na nÁrsaíochtaí Éireannacha, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2; Ríomhphost – *antiquitiesdo@museum.ie; Teil.:* 01-6777444;

Píosa deiridh cruanta de bhráisléad ón luath-meánaois tar éis é a chaomhnú.

Tá sé i gceist go n-úsáidfear an cháipéis seo mar threoir ghinearálta le forálacha Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta a bhaineann le brathadóirí miotail agus nach léirmhíniú dleathach ar na hAchtanna sin í. Tá téacs iomlán d'Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004, agus reachtaíocht eile a d'fhéadfadh a bheith infheidhmithe, ar fáil ag www.irishstatutebook.ie.

Taisce de bhoinn óir agus airgid Sasanacha agus Spáinneacha ón 17ú haois agus fáinne méire óir inscríofa. Bochtaítear suíomh seandálaíochta go mór má bhaintear ábhar ársa cosúil le boinn gan údarú.

SONRAÍ TEAGMHÁLA

An tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta Ard-Mhúsaem na hÉireann
Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1
Ríomhphost - nationalmonuments@ahg.gov.ie
Teil.: 01-8882169
www.archaeology.ie

An tOifigeach Dualgais
Rannóg na nÁrsaíochtaí Éireannacha
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
Ríomhphost – antiquitiesdo@museum.ie
Teil.: 01-6777444
www.museum.ie